Uimhir 5 *de* 2016

AN tACHT TOGHCHÁIN (LEASÚ), 2016

[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt

1. Leasú ar alt 13A den Acht Toghcháin, 1992

2. Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht Toghcháin (Leasú), 2001 (Uimh. 38)
An tAcht Toghcháin (Leasú), 2012 (Uimh. 27)
An tAcht Toghcháin, 1992 (Uimh. 23)
Na hAchtanna Toghcháin, 1992 go 2015

Uimhir 5 *de* 2016

AN tACHT TOGHCHÁIN (LEASÚ), 2016

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do leasú an Achta Toghcháin, 1992; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[25 *Iúil* 2016]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

Leasú ar alt 13A den Acht Toghcháin, 1992

1. Leasaítear alt 13A (a cuireadh isteach le halt 4 den Acht Toghcháin (Leasú), 2001) den Acht Toghcháin, 1992 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3A) (a cuireadh isteach le halt 1 den Acht Toghcháin (Leasú), 2012):

"(3B) Féadfaidh duine úsáid a bhaint as faisnéis sa chlár arna ullmhú faoi alt 13, lena n-áirítear dréachtchlár nó an forlíonadh leis an gclár arna ullmhú faoi alt 15, ar faisnéis í atá eisiata ón gclár atheagraithe, d'fhonn saoránaigh Éireannacha a roghnú chun páirt a ghlacadh i dTionól na Saoránach arna ghairm de bhun breith de chuid an Rialtais a tugadh an 21 Meitheamh 2016 agus a ceadaíodh le rún ó gach Teach den Oireachtas.".

Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú

2. (1) Féadfar an tAcht Toghcháin (Leasú), 2016 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna Toghcháin, 1992 go 2016 a ghairm de na hAchtanna Toghcháin, 1992 go 2015 agus den Acht seo le chéile agus léifear le chéile iad mar aon ní amháin.